Ionmholta malairt bhisigh

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 30]

Eochaidh Ó hEóghusa .cc.

1 Ionmholta malairt bhisigh:
tárraidh sinde ’san amsa
iomlaoid go suarrach sona,
do-chuaidh a sochar dhamhsa.

2 Do thréig sind sreatha caola
foirceadal bhfaobhrach ffrithir
ar shórt gnáthach grés robhog,
is mó as a moltar sinde.

3 Le dorchacht na ngrés snoighthe
do bhínnse ag tuilliodh gráine:
fa hí ughachta mhóráin
nár dhíol róghráidh ar ndáinne.

4 Maithim, giodh mór an sonas
énbhonn feasda dá thoradh
ma théid énrand gan tuigse
dom dhánsa ó dhuine ar domhan.

5 Dán bog ar bhél na slighiodh,
ós é anois siorthior oraind,
cuirfeadsa dhíom na fiacha
go ccead d’iarla Chlann gConaill.

6 Mo gheallsa ar bhuga ar mhaoile
ní bhérdaois daoithe an bheatha:
do-chuaidh mé, maith an tuicsi,
le cách fá uisge an cheatha.

7 Do thréig mé - gá mó sonas?
mo shlighthe docra diamhra:
dá ccluine cuid dar ndáinne,
beanfaidh gáire as an iarla.

8 D’eagla mo chora as gárda
ón mhéid dá ttárras loise,
diúltaimse flaith ó gConaill
do dhol oraind a ccoisde.

9 Is iomdha tré dhán bhfallsa
lán dom annsacht a mbliadhna:
do thuillfinn tuilleadh ceana

muna bheith eagla an iarla.

10 Mac Aodha, aigneadh fosaidh,
fear ler robhog ar ccruaidhne,
ní cás dúinn dénamh tapaidh,
ó tharla a Saxaibh uainne.

11 Beag nach brisiodh mo chroidhe
gach dán roimhe dá gcumainn:
is mór an t-adhbhor sláinte
an nós so táinig chugainn.

12 Dá lochtaighe triath Bearnais
énrand dá ndealbhthor linde
budh iomdha ag cor ’na aghaidh -
ionmholta malairt bhisigh.